Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 20 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10066/22**

**DEVGEN 119**
**ACP 74**
**RELEX 769**
**ALIM 5**
**COEST 457**
**COHAFA 60**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 20 Meitheamh 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10031/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Freagairt Fhoireann na hEorpa do neamhshlándáil dhomhanda an tsoláthair bia<br>– Conclúidí ón gComhairle (20 Meitheamh 2022) |

San Iarscríbhinn, gheobhaidh na toscaireachtaí na conclúidí ón gComhairle maidir le Freagairt Fhoireann na hEorpa do Neamhshlándáil Dhomhanda an tSoláthair Bia, faoi mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3884ú cruinniú a bhí aici, an 20 Meitheamh 2022.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Freagairt Fhoireann na hEorpa do Neamhshlándáil Dhomhanda an tSoláthair Bia**

1. Is cúis mhór imní fós don Chomhairle nach mór do phobail leochaileacha dul i ngleic leibhéil dhífhasaigh den neamhshlándáil soláthair bia. Cé go raibh ag méadú cheana féin ar an ampla, ar an míchothú, agus ar an mbaol gorta – dar shiocair den chuid ba mhó an bhochtaineacht, coinbhleachtaí, éagobhsaíocht pholaitiúil, dálaí socheacnamaíocha, guaiseacha nádúrtha agus an t-athrú aeráide – meabhraítear don Chomhairle gur measaide go mór géarchéim na slándála bia cogadh foghach neamhdhleathach na Rúise, cogadh atá gan chúis gan údar, lena n-áirítear buamáil agus creachadh lántoiliúil ar acmhainní talmhaíochta chomh maith le scriosadh saoráidí stórála agus próiseála bia, mar aon le blocáil ar na bealaí fágála do ghrán na hÚcráine as calafoirt na Mara Duibhe.

2. Tá na córais bia faoi strus le blianta fada agus léirigh paindéim COVID-19 leochaileacht na slabhraí soláthair agus na gcóras agraibhia araon, agus chreim sí an chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch sna tíortha sin atá i mbéal forbartha, go háirithe sna tíortha is lú forbairt. Mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá laghdú nach beag tagtha ar a bhfuil ar fáil de bhia, de bheatha ainmhithe, agus de leasacháin, agus tá méadú mór tagtha ar phraghsanna bia, fuinnimh agus leasachán, agus é tar éis cur go mór leis an neamhshlándáil bia ar fud an domhain. Tá iarmhairtí suntasacha ag an méid sin ní hamháin ar mhuintir na hÚcráine ach ar go leor daonraí leochaileacha ar fud an domhain. Ina theannta sin, tá méadaithe ar an mbaol go mbeidh corraíl shóisialta ann, go mbeidh coinbhleacht agus éagobhsaíocht ann agus, mar aon le dúshláin eile, go bhféadfadh iarmhairtí a bheith aige sin ar an imirce neamhrialta agus ar an easáitiú éigeantach. Tá difear déanta aige seo freisin don chumas chun cúnamh daonnúil a soláthar.

3. Seasann an Chomhairle i ndlúthpháirtíocht leis na tíortha comhpháirtíochta is mó atá buailte. i bhfianaise na ndúshlán sin, leanfaidh an tAontas de bheith ina ghníomhaí domhanda freagrúil, freagrach, iontaofa. Aithníonn an Chomhairle gurb iad na tíortha is lú forbairt agus is leochailí na tíortha is measa atá buailte: tíortha iad sin atá ag brath go mór ar sholáthar bia agus ar allmhairí ón Úcráin agus ón Rúis agus is mó atá thíos leis an athrú aeráide. Cuireann an Chomhairle i bhfios a phráinní atá sé freagairt dhomhanda, thapa, chuimsitheach a thabhairt chun beatha, cearta daonna, agus slite beatha na ndaoine ar leochailí dá gcás a chosaint, an táirgeadh áitiúil a neartú agus an spleáchas allmhairíochta a laghdú, agus tacú ag an am céanna leis an aistriú i dtreo córais bhia inbhuanaithe agus athléimneacht fheabhsaithe. Tarraingíonn an Chomhairle aird ar ghné an chomhionannais inscne i slándáil an tsoláthair bia agus tathantaíonn sí ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú inscnebhunaithe ina chuid beartas, comhpháirtíochtaí, agus tionscnamh. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta do chomhar agus do réitigh iltaobhacha éifeachtacha agus cuireann sí i bhfios go láidir a phráinní atá sé dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 gona spriocanna forbartha inbhuanaithe, go háirithe SDG 2 maidir le Díothú an Ocrais, agus ag meabhrú di ag an am céanna tosaíochtaí an Aontais do Chruinniú Mullaigh 2021 maidir le Córais Bia na Náisiún Aontaithe agus na gealltanais a rinne an tAontas ag an gCruinniú Mullaigh i dTóiceo don Fhás (N4G) i mí na Nollag 2021.

4. Níl aon smachtbhannaí ar onnmhairí bia ón Rúis chuig margaí domhanda. Tá smachtbhannaí an Aontais dírithe go háirithe ar rialtas na Rúise, ar gheilleagar agus ar chóras airgeadais na Rúise, ar na scothaicmí míleata agus Rúiseacha lena n-áirítear gníomhaithe eacnamaíocha atá freagrach as díchobhsú na hÚcráine nó a thacaíonn leis sin, d’fhonn cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine a chur de dhroim seoil. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht freisin nach mór gníomhaíochtaí an Aontais mar ghníomhaí domhanda freagrach, iontaofa a chur in iúl go feiceálach agus nach mór cur i gcoinne ionramháil faisnéise agus cur isteach ón Rúis, lena gcuirtear milleán go bréagach ar smachtbhannaí faoin meath atá ag teacht ar chúrsaí slándála bia ar fud an domhain, lena n-áirítear bia a úsáid mar arm a bhfuil iarmhairtí domhanda aige. Is cuid d’fheachtas comhordaithe, Státmhaoinithe í ionramháil faisnéise seo na Rúise. Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit, in éineacht le comhpháirtithe eile i bhfóraim iltaobhacha, d’fheasacht a mhúscailt ina leith sin, lena n-áirítear i dtíortha comhpháirtíochta.

5. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go léireodh an tAontas dlúthpháirtíocht trí bhíthin freagairt thapa, chuimsitheach bunaithe ar an iltaobhachas éifeachtach. Cuirfidh sin le Teachtaireacht an Choimisiúin dar dáta an 23 Márta 2022 maidir le 'Slándáil Bia a Chaomhnú agus Athléimneacht na gCóras Bia a Threisiú' agus maidir leis na trí cholún – trádáil, dlúthpháirtíocht agus táirgeadh – de Mhisean Athléimneachta Bia agus Talmhaíochta (FARM), ar dhíol sásaimh do Chomhairle Eorpach an 30-31 Bealtaine 2022 é. Ba cheart an fhreagairt sin a thabhairt i gcomhréim iomlán le Grúpa Freagartha um Ghéarchéimeanna na Náisiún Aontaithe (GCRG) agus le tionscnaimh idirnáisiúnta ábhartha eile, go háirithe an Comhaontas Domhanda don tSlándáil Bia a thionscain an G7.

6. Iarrann an Chomhairle go dtabharfadh Foireann na hEorpa freagairt láidir, éifeachtach, thrédhearcach ar neamhshlándáil dhomhanda an tsoláthair bia ina gcuimseofar na ceithre shraith seo a leanas: 1. Dlúthpháirtíocht trí fhaoiseamh éigeandála agus tacaíocht d'inacmhainneacht; 2. Borradh a chur faoi chlaochlú inbhuanaithe an táirgthe, na hathléimneachta agus na gcóras bia; 3. An trádáil a éascú trí chabhrú leis an Úcráin earraí talmhaíochta a onnmhairiú, trí bhíthin bealaí éagsúla ar talamh agus trí chalafoirt éagsúla de chuid an Aontais, agus trí thrádáil oscailte dhomhanda i mbia agus i leasacháin a chur chun cinn; agus 4. Iltaobhachas éifeachtach. Tá na ceithre shraith sin ceaptha tacú le chéile agus freagairtí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a chomhtháthú.

7. **Faoin shraith na dlúthpháirtíochta**, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dlús a chur lena gcabhair dhaonnúil agus lena dtacaíocht ghearrthéarmach shaincheaptha do na grúpaí is leochailí sna tíortha atá buailte, lena n-áirítear tacú le táirgeadh áitiúil agus rochtain ar bhia, le cur chuige an chumarphointe idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin. Beidh an tAontas agus na Ballstáit ag brath ar chumas anailíseach an Líonra Dhomhanda i gcoinne Géarchéimeanna Bia (GNAFC) agus úsáidfidh siad teaglaim de mhódúlachtaí cur chun feidhme, lena n-áirítear, *inter alia*, cúnamh airgid agus tacaíocht a chur ar fáil trí chórais oideachais agus cosanta sóisialta atá ann cheana nuair is iomchuí agus nuair is féidir, agus abhcóideacht agus tionscnaimh chomhpháirteacha a neartú ar leibhéal na tíre agus ar an leibhéal réigiúnach. Ba cheart an fhreagairt sin a bheith bunaithe ar mheasúnuithe ar leochaileachtaí agus ar riachtanais a thabharfar cothrom le dáta go rialta.

8. Tacóidh an tAontas agus na Ballstáit le hinacmhainneacht bia trí aghaidh a thabhairt ar chobhsaíocht fhioscach agus mhaicreacnamaíoch na dtíortha ísealioncaim agus na dtíortha leochaileacha agus trí rannchuidiú le tionscnaimh idirnáisiúnta atá dírithe ar chúnamh a thabhairt do chomhpháirtithe domhanda maidir le faoiseamh fiachais agus cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch, agus plean gníomhaíochta an IFI á mheabhrú dóibh i ndáil leis an méid sin, a seoladh le déanaí, chun aghaidh a thabhairt ar neamhdheimhneacht an tsoláthair bia. Áirítear leis sin dlús a chur le cur chun feidhme an Chomhchreata le haghaidh Cóireáil Fiachais lasmuigh den Tionscnamh chun Seirbhísiú Fiachais a chur ar Fionraí. Molann an Chomhairle don Choimisiún agus do na Ballstáit féachaint an bhféadfaí ranníocaíochtaí deonacha breise a dhéanamh chun Cearta Tarraingthe Speisialta (CTSanna) na n-ardgheilleagar a athdhíriú do thíortha leochaileacha, trí shásraí sonracha an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI).

9. I dteannta na gclár comhair agus tacaíochta atá ar siúl faoi láthair ag an Aontas agus ag na Ballstáit, is díol sásaimh don Chomhairle an slógadh éigeandála a rinneadh le déanaí chun tacú leis na príomh-réigiúin atá buailte, go háirithe an ranníocaíocht EUR 225 mhilliún ón Aontas chun tacú le Comharsanacht an Deiscirt tríd an tSaoráid um Bia agus Athléimneacht, an gealltanas de EUR 1 bhilliún atá déanta ag Foireann na hEorpa chun tacú le réigiúin na Saiheile agus Loch Shead, chomh maith leis an ngealltanas atá tugtha ag Foireann na hEorpa os cionn EUR 600 milliún chun tacú le Corn na hAfraice.

10. **Faoi shraith na táirgeachta, na hathléimneachta agus na mbiachóras**, cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá sé tacú le réitigh inbhuanaithe sa mheántéarma agus san fhadtéarma chun aghaidh a thabhairt ar shlándáil an tsoláthair bhia agus an chothaithe. Dá bhrí sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na neamhshlándála bia reatha, go háirithe an t-athrú aeráide, an gaineamhlú, agus díghrádú talún torthúla, agus cumais inbhuanaithe áitiúla táirgthe a neartú ag an am céanna i dtíortha comhpháirtíochta. Maidir leis sin, molann an Chomhairle go láidir don Choimisiún agus do na Ballstáit a dtacaíocht a mhéadú do chórais uisceacha agus agraibhia inbhuanaithe, cuimsitheach agus athléimneach. Is féidir an méid sin a dhéanamh trí *inter alia* infheistíochtaí i slabhraí luacha bia agus i gcineálacha cur chuige nuálacha eile i gcoitinne, éagsúlú sreafaí trádála agus táirgthe, bearta chun feabhas a chur ar rochtain ar bhia sláintiúil inacmhainne, spleáchas laghdaithe ar bhreoslaí iontaise gona n-úsáid, agus úsáid níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe a bhaint as ionchuir shintéiseacha (leasacháin, lotnaidicídí), athléimneacht fheabhsaithe i gcoinne an athraithe aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta, comhar trasteorann níos láidir maidir leis cúrsaí uisce, rialachas talún feabhsaithe, acmhainní feabhsaithe do tháirgeoirí áitiúla, margaí áitiúla agus réigiúnacha comhtháite, rochtain ar mhaoiniú ag feirmeoirí gabháltas beag agus ag eagraíochtaí feirmeoirí, agus réitigh dhigiteacha ábhartha, taighde agus nuálaíocht ina mbeidh ról ceannasach ag an Aontas Eorpach tríd an nGrúpa Comhairleach um Thaighde Idirnáisiúnta Talmhaíochta (CGIAR). Ba cheart do gach tionscnamh a bheith i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, leis an straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc, leis an Straitéis Bithéagsúlachta, chomh maith le Treoir 2019/633 AE maidir le cleachtais éagóracha trádála i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia. Déanfaidh an fhreagairt sin, a mhéid is féidir, cur leis an gcreat agus leis na gealltanais atá ann cheana, amhail an Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach agus na hinfheistíochtaí a comhaontaíodh ann maidir le córais bhia agus Tionscnamh an Bhalla Mhóir Ghlais. Ba cheart a áireamh sna tionscnaimh sin béim ar leith ar mhná agus ar chailíní mar ghníomhaithe ar son an athraithe.

11. Agus an bhliain 2022 á aithint di mar "Bliain an Chothaithe" ag Aontas na hAfraice, agus béim á leagan aici ar na bagairtí atá ar an gcuspóir maidir le sláinte fhónta i réigiúin uile an domhain, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tuilleadh teanntáis a dhéanamh ar chomhpháirtithe na hAfraice chun idirphlé níos doimhne a dhéanamh maidir le slándáil bia agus cothú. Tabharfaidh Foireann na hEorpa aghaidh ar thionscnaimh shuaitheanta a sainaithníodh ag an gCruinniú Mullaigh a bheidh ag an Aontas Eorpach le hAontas na hAfraice, lena n-áirítear maidir le slabhraí luacha talmhaíochta inbhuanaithe agus córais bhia athléimneacha, i gcomhar le comhpháirtithe na hAfraice.

12. Iarrann an Chomhairle go mbainfí leas níos mó as réitigh nuálacha agus as tacaíocht ón earnáil phríobháideach, ag meabhrú di na riachtanais thábhachtacha atá ag na tíortha is lú forbairt agus is leochailí, chomh maith leis na tíortha is mó atá thíos le neamhdheimhneacht an tsoláthair bia i réigiúin eile (Comharsanacht an Deiscirt san áireamh), lena n-áirítear tríd an gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+) agus an tOllstruchtúr Airgeadais Eorpach don Fhorbairt (EFAD) lena ndírítear *inter alia* ar rannpháirtíocht na nInstitiúidí Airgeadais Forbraíochta Eorpacha a neartú.

13. **Faoi shraith éascaithe na trádála**, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go dtacófaí go práinneach leis an Úcráin tráchtearraí agraibhia a tháirgeadh agus a onnmhairiú trí bhealaí éagsúla ar talamh agus trí chalafoirt an Aontais. Molann an Chomhairle na bearta a rinne na Ballstáit go dtí seo chun na críche sin agus iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a gcuid iarrachtaí a neartú a thuilleadh i ndáil leis sin, go háirithe trí Phlean Gníomhaíochta do Chonairí Dlúthpháirtíochta a chur chun feidhme go pras chun grán na hÚcráine a thabhairt ar ais chuig na margaí domhanda, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar riachtanais na ndaoine sin atá ag fulaingt cheana féin i ngeall ar an gcogadh, muintir na hÚcráine, agus tacaíocht á tabhairt ag an am céanna do na tíortha sin atá ar theorainn na hÚcráine. Thairis sin, molann an Chomhairle don Choimisiún agus do na Ballstáit leanúint d'éascú a dhéanamh ar sholáthar tapa na bpríomhionchur chun tuilleadh táirgthe a dhéanamh chuig an Úcráin, go háirithe leasacháin, beatha ainmhithe, síolta agus breosla.

14. Iarrann an Chomhairle freisin ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar na Ballstáit oibriú i gcomhar leis na comhpháirtithe ábhartha idirnáisiúnta chun timpeallacht trádála oscailte, trédhearcach agus intuartha a chur chun cinn, go háirithe chun stoc-charnadh neamhleor príomh-thráchtearraí stáplacha agus srianta onnmhairithe nó a leithéid ar bhia agus ionchuir thábhachtacha talmhaíochta amhail leasacháin a sheachaint. Tá na bearta sin fritorthúil; cuireann siad le méaduithe gan smacht ar luaineacht phraghas an bhia; agus cuireann siad le neamhdheimhneacht an tsoláthair bia. Go háirithe, tacaíonn an Chomhairle go láidir le díolúine dhian maidir le srian ar onnmhairiú i gcás earraí bia a cheannaíonn an Clár Domhanda Bia chun críocha daonnúla neamhthráchtála – atá á gcaibidil faoi láthair ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus ag comhpháirtithe ábhartha daonnúla eile – agus le trédhearcacht agus freagairt bheartais fheabhsaithe maidir leis an margadh bia agus leasachán trí Chóras Faisnéise na Margaí Talmhaíochta (AMIS), i gcomhar le ECFE-FAO, gníomhaithe príobháideacha agus faoi chuimsiú uileghabhálach an Ghrúpa Freagartha um Ghéarchéimeanna de chuid na Náisiún Aontaithe. Tugann an Chomhairle dá haire na hiarrachtaí atá ar bun chun tionscnaimh a fhorbairt ar scála a chumhdódh an bhearna a bhaineann le costas bia allmhairithe do thíortha glan-allmhairithe.

15. **Faoi shraith an iltaobhachais**, athdhearbhaíonn an Chomhairle a thiomantas don iltaobhachas éifeachtach agus iarrann sí ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar na Ballstáit a gcaidreamh leis na príomh-chomhpháirtithe iltaobhacha a neartú: eagraíochtaí ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe, go háirithe gníomhaireachtaí atá bunaithe sa Róimh (Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, an Clár Domhanda Bia, agus an Ciste Idirnáisiúnta um Fhorbairt Talmhaíochta) agus an Coiste um Shlándáil Sholáthar Bia an Domhain, G7/G20 agus Eagraíocht Dhomhanda Trádála chomh maith le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta ar leibhéal na gceanncheathrúna agus ar leibhéal na tíre araon. Thacódh an méid sin le freagairt dhomhanda dhea-chomhordaithe, d'éascódh sé an comhordú idir tionscnaimh éagsúla, agus rannchuideodh sé le rannpháirtíocht na ngníomhaithe ábhartha uile, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach agus an tsochaí shibhialta.

16. Tacaíonn an Chomhairle leis an ról tábhachtach atá ag an Líonra Domhanda i gcoinne Géarchéimeanna Bia mar chomhghuaillíocht dhomhanda na ngníomhaithe daonnúla agus na ngníomhaithe forbartha atá tiomanta dul i ngleic le bunchúiseanna géarchéimeanna bia agus réitigh inbhuanaithe a chur chun cinn. Ba cheart an líonra a bheith lárnach sa mheasúnú comhordaithe ar riachtanais agus i gcothú cumarphointe idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin, ar leibhéil dhomhanda, réigiúnach agus náisiúnta.

17. Sa chomhthéacs sin, tacaíonn an Chomhairle leis an bhfreagairt atá tugtha ag Foireann na hEorpa ar neamhshlándáil dhomhanda an tsoláthair bia agus iarrann sí ar an gCoimisiún, ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), agus ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) pé tacaíocht is gá a chur ar fáil do Ghrúpa Freagartha um Ghéarchéimeanna na Náisiún Aontaithe (GCRG) agus na sraitheanna gníomhaíochtaí a leagtar amach sna conclúidí seo a oibríochtú, lena n-áirítear laistigh de FARM agus laistigh den Chomhaontas Domhanda don tSlándáil Bia;

b) tosaíocht a thabhairt dá dtacaíocht airgeadais chun aghaidh a thabhairt ar shlándáil an tsoláthair bia ar fud an domhain, lena n-áirítear riachtanais dhaonnúla láithreacha lena n-áirítear i gcás inar gá cúnamh airgeadais agus teicniúil do thíortha a allmhairíonn a gcuid bia, chomh maith le córais inbhuanaithe bhia sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus táirgeadh áitiúil feabhsaithe ar mhaithe le hathléimneacht níos fearr, agus féachaint ar na foinsí maoinithe uile atá ar fáil, lena n-áirítear cláir luathaithe agus tús-ualaithe agus leas a bhaint as cúlchistí ón gCiste Eorpach Forbraíochta, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 30 agus an 31 Bealtaine 2022;

c) freagairtí saincheaptha tíre agus réigiúnacha a chur ar fáil i gcur chuige Fhoireann na hEorpa agus, nuair is féidir, trí thionscnaimh de chuid Fhoireann na hEorpa;

d) córas faireacháin a chur ar bun go comhpháirteach, bunaithe ar shonraí agus ar threoirlínte DAC-OECD atá ann cheana, chun cuntasacht chistiúcháin agus trédhearcacht a áirithiú; i ndáil leis sin, iarrann an Chomhairle go ndéanfaí nuashonrú rialta ar na hacmhainní a úsáidtear faoi fhreagairt Fhoireann na hEorpa do neamhshlándáil dhomhanda an tsoláthair bia, lena n-áirítear tionscnaimh shuaitheanta nithiúla;

e) iarrachtaí comhpháirteacha cumarsáide a threisiú ar an leibhéal iltaobhach, ar an leibhéal réigiúnach, agus ar an leibhéal náisiúnta d'fhonn aghaidh a thabhairt ar bhraistintí agus ar ábhair imní i dtíortha comhpháirtíochta; iarrachtaí SEGS a neartú mar ábhar práinne chun faireachán a dhéanamh ar fheachtais cúblála faisnéise na Rúise – feachtais darb aidhm an fhreagracht as géarchéim na slándála bia a atreorú ón gcogadh ionsaithe i gcoinne na hÚcráine – agus na feachtais sin a chomhrac. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar SEGS oibriú i gcomhar leis na Ballstáit trí theachtaireachtaí coiteanna a chomhroinnt agus a chomhordú;

f) tuairisc rialta a thabhairt don Chomhairle maidir le cur chun feidhme na comhfhreagartha.

---